2024/3029

10.12.2024

**CINNEADH (AE) 2024/3029 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Deireadh Fómhair 2024**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le hiarrataí ar an tSeoirsia aontú do na Coinbhinsiúin sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an gCoinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú ([1]) agus an Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach ([2]) (go comhpháirteach ‘na Coinbhinsiúin’), a tugadh i gcrích idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise, is é an 1 Eanáir 1988 a tháinig siad i bhfeidhm.

(2) Chuir an tSeoirsia in iúl gur mian léi aontú do na Coinbhinsiúin a luaithe a chomhlíonann sí na ceanglais maidir lena haontachas.

(3) De bhun Airteagal 11(3) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú, féadfaidh an Comhchoiste AE-TCI a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún sin iarrataí ar thríú tíortha aontú don Choinbhinsiún sin a ghlacadh trí chinneadh.

(4) De bhun Airteagal 15(3), pointe (e), den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, féadfaidh an Comhchoiste AE-TCI a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún sin iarrataí ar thríú tíortha aontú don Choinbhinsiún sin a ghlacadh trí chinneadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Comhchoistí AE-TCI a bunaíodh leis na Coinbhinsiúin a bhunú, ós rud é go mbeidh na cinntí maidir le hiarraidh ar an tSeoirsia aontú do na Coinbhinsiúin ceangailteach ar an Aontas.

(6) Áiritheoidh na Coinbhinsiúin nósanna imeachta éifeachtúla um thrasnú teorann idir an tSeoirsia agus na páirtithe sna Coinbhinsiúin.

(7) Maidir le seasamh an Aontais sna Comhchoistí AE-TCI a bunaíodh leis na Coinbhinsiúin a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le hiarraidh ar an tSeoirsia aontú do na Coinbhinsiúin, ba cheart, dá bhrí sin, don seasamh sin a bheith fabhrach agus ba cheart é a bheith bunaithe ar na dréacht-chinntí atá i gceangal leis seo.

(8) Chun aontachas tráthúil na Seoirsia do na Coinbhinsiúin a éascú, is gá an Cinneadh seo a ghlacadh gan mhoill,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena n-iarrtar ar an tSeoirsia aontú don Choinbhinsiún sin, bunófar é ar an dréacht-chinneadh ón gComhchoiste sin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 134, 22.5.1987, lch. 2.
([2]) IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

*Airteagal 2*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena n-iarrtar ar an tSeoirsia aontú don Choinbhinsiún sin, bunófar é ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste sin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tar éis a nglactha, foilseofar na cinntí ó na Comhchoistí AE-TCI dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY I.